Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2020
(OR. en)

13583/20
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0342(NLE)

TRANS 572

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 770 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE **maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) tríd an bhféidearthacht d'aontachas a shíneadh chuig Ríocht Mharacó** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 770 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 770 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.11.2020
COM(2020) 770 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) tríd an bhféidearthacht d'aontachas a shíneadh chuig Ríocht Mharacó.**

**PRÓTACAL**

**LENA LEASAÍTEAR AN COMHAONTÚ MAIDIR LE hIOMPAR IDIRNÁISIÚNTA ÓCÁIDEACH PAISINÉIRÍ DE CHÓISTE AGUS DE BHUS (COMHAONTÚ INTERBUS) TRÍD AN bhFÉIDEARTHACHT D'AONTACHAS A SHÍNEADH CHUIG RÍOCHT MHARACÓ**

TÁ NA PÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG FÉACHAINT don Chomhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus)[1] agus dá theacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2003[2],

AG FÉACHAINT don mhian tuilleadh forbairt a dhéanamh ar chaidreamh idirnáisiúnta um iompar paisinéirí, ar thurasóireacht agus ar mhalartú cultúrtha le tíortha nach bhfuil incháilithe d’aontachas faoi láthair,

ÓS MIAN LEO Comhaontú Interbus a oscailt le haghaidh aontachais do Ríocht Mharacó,

AG CUR SAN ÁIREAMH go raibh an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) tríd an bhféidearthacht d'aontachas a shíneadh chuig Ríocht Mharacó ('an Prótacal maidir le Ríocht Mharacó') ar oscailt lena shíniú sa Bhruiséil idir an 16 Iúil 2018 agus an 16 Aibreán 2019,

AGUS É Á AITHINT nár shinigh gach Páirtí Conarthach an Prótacal maidir le Ríocht Mharacó le linn na tréimhse atá luaite thuas,

ÓS MIAN LEO go bhféadfaidh gach Páirtí Conarthach an Prótacal a shíniú,

AG CUR SAN ÁIREAMH go mbeadh sé níos iomchuí go dtiocfadh an Prótacal maidir le Ríocht Mharacó i bhfeidhm tráth a bheadh an Prótacal daingnithe ag Páirtithe Conarthacha uile Chomhaontú Interbus.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ní fhéadfaidh ach na tíortha atá ina mbaill de Chomhdháil Eorpach na nAirí Iompair (ECMT) agus tíortha Eorpacha áirithe eile iarratas a dhéanamh ar aontachas le Comhaontú Interbus faoi mar atá leagtha amach sa Chomhaontú sin.

(2) Cé go bhfuil stádas breathnóra ag Ríocht Mharacó i gComhdháil Eorpach na nAirí Iompair, ní ball í den Chomhdháil sin nó níl sí i dteideal aontú do Chomhaontú Interbus ar shlí eile ag an gcéim seo.

(3) Chun Comhaontú Interbus a oscailt le haghaidh aontachais do Ríocht Mharacó, ba cheart an Comhaontú a leasú,

TAR ÉIS CINNEADH A DHÉANAMH Comhaontú Interbus a leasú dá réir, agus

---

[1] IO L 321, 26.11.2002, lch. 13.

[2] IO L 321, 26.11.2002, lch. 44.

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

In Airteagal 30 den Chomhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus), cuirtear an mhéid seo a leanas in ionad mhír 2:

*'Beidh an Comhaontú seo ar oscailt freisin le haghaidh aontachais do Phoblacht San Mairíne, do Phrionsacht Andóra agus do Ríocht Mharacó'.*

**FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA**

*Airteagal 2*

Beidh an Prótacal seo ar oscailt lena shíniú do Pháirtithe Conarthacha Chomhaontú Interbus ag Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh a fheidhmeoidh mar Thaiscí an Phrótacail.

*Airteagal 3*

Déanfaidh na sínitheoirí an Prótacal sin a shíniú, a fhormheas nó a dhaingniú i gcomhréir lena nósanna imeachta féin. Déanfar na hionstraimí formheasa nó daingniúcháin a thaisceadh le Taiscí an Phrótacail agus tabharfaidh an Taiscí fógra do na Páirtithe Conarthacha eile.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis na míosa ina mbeidh a n-ionstraimí formheasa nó daingniúcháin taiscthe ag na Páirtithe Conarthacha ar fad le hArdrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 5*

An Prótacal seo, arna dtarraingt suas i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis, agus comhúdarás ag gach ceann de na téacsanna sin, déanfar é a thaisceadh leis an Taiscí a ndéanfaidh cóip dhílis dheimhnithe de a chur chuig gach Páirtí Conarthach.

*Airteagal 6*

Áiritheoidh gach Páirtí Conarthach go ndéanfar aistriúchán cuí den Phrótacal seo ina theanga oifigiúil nó ina theangacha oifigiúla, seachas i gcás na dteangacha barántúla dá dtagraítear in Airteagal 5. Déanfar cóip de na haistriúcháin sin ar fad a thaisceadh leis an Taiscí a dhéanfaidh cóip de gach ceann de na haistriúcháin sin a chur chuig gach Páirtí Conarthach.

*Airteagal 7*

Tiocfaidh an Prótacal seo in ionad an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) tríd an

bhféidearthacht d'aontachas a shíneadh chuig Ríocht Mharacó, a bhí ar oscailt lena shíniú idir an 16 Iúil 2018 agus an 16 Aibreán 2019. Ní bheidh aon stádas dlí a thuilleadh ag an bPrótacal a bhí ann roimhe seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

DÁ FHIANÚ SIN, chuir na lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an bPrótacal seo.

Ar oscailt lena shíniú sa Bhruiséil.

Thar ceann an Aontais Eorpaigh

Thar ceann Phoblacht na hAlbáine

Thar ceann Phrionsacht Andóra.

Thar ceann na Boisnia agus na Heirseagaivéine

Thar ceann Phoblacht na Moldóive

Thar ceann Mhontainéagró

Thar ceann Phoblacht na Macadóine Thuaidh

Thar ceann Phoblacht na Tuirce

Thar ceann na hÚcráine